


# ❁ An Lúibín ❁

12 Bealtaine 2020



## *Dánta Póca*, cnuasach nua le Julia Breatnach-Banwait. Coiscéim 2020

File í Julia a tógadh i gConamara agus atá ina cónaí anois san Astráil Thiar. Údar eile de chuid litríocht Ghaeilge na hAstráile, mar sin, agus an ceathrú scríbhneoir (go bhfios dúinn) a scríobh filíocht sa teanga san Astráil. Fionán Mac Cártha,<sup>1</sup> Louis de Paor<sup>2</sup> agus Colin Ryan an triúr eile – agus fáilte anois roimh ghuth mná. (Is fearr aithne uirthi faoina hainm cleite, Siobhán na Spág.)

Féach <http://www.coisceim.ie/dantapoca.html>.



### **An buntáiste**

*It has been argued that education through Irish leads to better employment prospects; others argue, however, that a significant percentage of Irish speakers come from the academically able in English-medium schools who happen to do well in Irish and whose results in all subjects give them an advantage in employment.*

Is minic a áitítear go bhfuil buntáistí ar leith ag roinnt leis an nGaeilge chun daoine a chur chun cinn sa saol. Orthu siúd a chuireann amhras sa tuairim sin tá Iarfhlaith Watson agus Máire Nic Ghiolla Phádraig, beirt a bhfuil cúpla páipéar scríofa acu ar an scéal<sup>3 4</sup> agus tagairt déanta acu do thaighde a d'fhoilsigh V.D. Borooah *et al* in *The Economic and Social Review* ('Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market').<sup>5</sup>

Áitíonn Borooah agus a chomhtháighdeoirí go bhfuil buntáiste ag Gaeilgeoirí maidir le poist rathúla a fháil – poist ghairmiúla agus theicniúla. Áitítear go bhfuil pobal Gaeilge ann a bhfreastlaíonn a gclann ar

<sup>1</sup> [https://ga.wikipedia.org/wiki/Fion%C3%A1n\\_Mac\\_C%C3%A1rtha](https://ga.wikipedia.org/wiki/Fion%C3%A1n_Mac_C%C3%A1rtha)

<sup>2</sup> [https://ga.wikipedia.org/wiki/Louis\\_de\\_Paor](https://ga.wikipedia.org/wiki/Louis_de_Paor)

<sup>3</sup> Watson, Iarfhlaith; Nic Ghiolla Phádraig, Máire (UCD), 'Linguistic Elitism: the Advantage of Speaking Irish Rather than the Irish-speaker Advantage,' *The Economic and Social Review*, Vol. 42, No. 4, Winter, 2011, lgh 437-454: <http://www.tara.tcd.ie/handle/2262/76761>

<sup>4</sup> Watson, Iarfhlaith; Nic Ghiolla Phádraig, Máire, 'Is there an educational advantage to speaking Irish? An investigation of the relationship between education and ability to speak Irish,' *International Journal of the Sociology of Language*, 2009 (199): 143-156: <https://researchrepository.ucd.ie/handle/10197/5649>

<sup>5</sup> Borooah, V.K., Dineen, D.A. agus Lynch, N., 'Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market,' *The Economic and Social Review*, Vol. 40, No.4, lgh 435-460.

ghaelscoileanna agus ar ghaelcholáistí, daltaí a fhaigheann marcanna as an gcoitiantacht san Ardteist; is fearr an seans atá acu dá bharr dul ar an ollscoil agus post maith a fháil (le cabhair éigin ó ghréasán Gaeilgeoirí).

A mhalairt de thuairim atá ag Watson agus Nic Ghiolla Phádraig. Maíonn siad nach ag Gaeilgeoirí atá an buntáiste ach gurb amhlaidh gurb iad na daoine a bhfuil buntáiste acu cheana is dóichí a mbeidh Gaeilge acu. An chuid is mó díobh siúd a fhaigheann oideachas trí Ghaeilge labhraíonn siad Béarla sa bhaile agus ní féidir 'pobal' a thabhairt orthu. Ní théann an córas oideachas ar sochar do Ghaeilgeoirí, sa mhéid go bhfuil meánscoileanna lán-Ghaeilge gann go leor. Ansin féin, ar scoileanna lán-Ghaeilge uirbeacha is mó atá rath i gcúrsaí acadúlachta; ní mar sin do scoileanna Gaeltachta, rud a thugann le fios nach ón nGaeilge féin a thagann an buntáiste. Is deacair teacht ar 'ghréasán' Gaeilgeoirí, cé go bhfuil gréasáin bheaga de ghníomhaithe Gaeilge ann. Ós rud é nach bhfuil ollscoil lán-Ghaeilge ann, ní bheadh súil agat le gréasán céimithe a chuideodh le chéile chun poist a fháil.

De réir Watson agus Nic Ghiolla Phádraig, tá seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin ag brath go mór ar mhúineadh na teanga i scoileanna lán-Bhéarla - níos mó, b'fhéidir, ná ar na gaelscoileanna nó ar theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge. Eascraíonn roinnt thábhachtach de Ghaeilgeoirí ó dhaltaí éirimíúla sna scoileanna lán-Bhéarla a n-éiríonn go maith leo i ngach ábhar (agus Gaeilge san áireamh). Bíonn 'caipiteal cultúrtha' acu agus rath orthu dá réir. Fágann sin roinnt mhór daltaí eile nach bhfuil suim ar bith acu sa teanga.

Luann na húdair taighde eile a thaispeánann go bhfuil a lán daltaí ann ó theaghlaigh phroifisiúnta nach mbacann le Gaeilge na hArdteiste ar chor ar bith. Baineann an dream sin le scothaicme na tíre, agus fágfaidh sin lorg ar an tacaíocht a thabharfar don teanga feasta.

Rinne na húdair anailís staitisticíúil ar shuirbhé i dtaobh féiniúlachta náisiúnta a rinneadh in 2003. Dúirt 15% den sampla sa suirbhé sin go raibh raibh Gaeilge mhaith acu. Roinneadh an sampla ina thrí aoisghrúpaí: 18-33, 34-53, agus 54 nó os a chionn. San aoisghrúpa 34-53 fuair 60% de na cainteoirí Gaeilge (go háirithe na mná) oideachas tríú leibhéal le hais 23% de lucht an Bhéarla. Ach san aois ghrúpa ab óige ní raibh aon difríocht idir cainteoirí Gaeilge agus cainteoirí Béarla i dtaca le hoideachas tríú leibhéal.

Is í an chúis atá leis seo, más fíor, gur chruinnigh an Ghaeilge neart sa chéad daichead bliain de stát neamhspleách na hÉireann toisc go raibh sí riachtanach i gcomhair scrúduithe agus chun post a fháil sa státseirbhís. Bhí cuid mhór de na Gaeilgeoirí ba dhíograisí le fáil i meas múinteoirí agus státseirbhísí. Ba nádúrtha an rud do Ghaeilgeoirí atá bunaosta anois dul sa státseirbhís nó leis an múinteoireacht, agus bhí deis ag Gaeilgeoirí mná oiliúint tríú leibhéal a fháil mar mhúinteoirí nuair a bhí gairmeacha eile coiscthe orthu. Ach fuarthas réidh le riachtanas Gaeilge don státseirbhís in 1974 agus le riachtanas Gaeilge san Ardteist in 1973, rud a laghdaigh luach na teanga. Fágann sin gurb í Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Maigh Nuad) an t-aon institiúid stáit a éilíonn pas i nGaeilge.

Ach tá margadh teangeolaíoch nua ann agus Gaeilge á húsáid mar theanga oibre. Tá sin spreagtha ag an stát de bharr éileamh na nGaeilgeoirí ach tá lámh ag gnólachtaí príobháideacha sa scéal. Tá gá le cáipéisí Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus le haistritheoirí de réir stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach, tá gnólachtaí ag soláthar ábhar do TG4 agus tá borradh faoin ngaelscolaíocht. Deir na húdair gur dócha, áfach, go mbeidh laghdú ar an líon Gaeilgeoirí a fháiscfeas as an gcóras oideachais i gcoitinne.



### **Aistriúcháin**

*The Gaelic League is offering a free translation service; an Israeli IT expert talks of the benefits of machine translation for Irish.*

Tá Conradh na Gaeilge tar éis a fhógairt go bhfuil seirbhís aistriúcháin á cur ar fáil acu.

*An bhfuil cáipéis agat a bhfuil aistriúchán de dhíth air? Tá seirbhís aistriúcháin ag Conradh na Gaeilge a bheidh in ann cabhrú leat. Is féidir linn aistriúchán Gaeilge go Béarla nó Béarla go Gaeilge a sholáthar a chloíonn le rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil 2017 agus leis na dea-chleachtais scríbhmeoireachta eile atá ann sa dá theanga. Is féidir linn cáipéis de gach saghas agus fad a aistriú – ó cháipéisí dlíthiúla go fógraí margaitochta. Níl aon cháipéis ró-mhór nó ró-bheag dúinn.*

Deir siad go mbeidh sé de cheart ag an gConradh gan glacadh le cáipéisí agus nach ndéanfar aistriúchán ar aistí nó ábhair a mbeidh measúnú ollscoile nó scoile déanta orthu. Beidh painéal aistritheoirí oile i mbun na hoibre.

Féach <https://cnag.ie/ga/aistri%C3%B0ACh%C3%A1n.html>. Tig leat meastachán a fháil ach scríobh chun [aistrigh@cnag.ie](mailto:aistrigh@cnag.ie).

Más cúrsaí aistriúcháin atá i gceist, seo dearcadh an ríomheolaí Ofer Tirosh, Iosraelach ar maith leis ceol na hÉireann agus a bhfuil suim aige i gcás na Gaeilge.<sup>6</sup> Deir sé go bhféadann seirbhísí ríomhaistriúcháin teanga a athbheochan agus tagairt á déanamh aige do na háiseanna a leanas:

*Duolingo*: é saor in aisce, agus tá an Ghaeilge ar na teangacha is mó a bhfuil tóir orthu (os cionn 600,000 duine cláraithe ó 2018).

*Clilstore*: ábhar teagaisc a nascann físeáin le foclóirí ar líne. Is féidir leat an topaic is fearr leat a roghnú. Breis is 150 aonad i nGaeilge ann.

*Facebook*: áis darb ainm ‘Gaeilge Amháin’ ar fáil ann.

*Google Translate*: Gaeilge ar na teangacha ar féidir aistritheoireacht cheamara a dhéanamh leo: do ghuthán cliste a dhíriú ar chomhartha i dteanga eile chun go bhfeicfeá i do theanga féin é.

*Microsoft Translator*: Déan rud éigin a rá nó a chlósscríobh i do theanga féin agus feicfidh daoine eile ina dteangasan é. Ach is trua nach bhfuil guthaistriúchán comhuaineach le fáil.

Is dóigh leis Tirosh gur fiú iarracht náisiúnta ar theanga náisiúnta na nÉireannach a dhéanamh den teanga ‘leathmharbh’ Ghaeilge, sa bhaile agus i gcéin. Ba cheart do chomhlachtaí aistriúcháin seirbhís ríomhaistriúcháin cáipéisí a thairiscint ar chostas beag, le cúnaimh daonna más gá. D’éirigh leis an Eabhrais spré i measc an phobail nó gur fhréamhaigh sí ann. Cén fáth nach ndéanfadh an Ghaeilge amhlaidh?



### **Creachadh, marú agus bá**

*The 13th century in Ireland saw Gaelic lords and Anglo-Norman colonists fighting against each other or in alliance with each other. The Annals of the Four Masters tell how Aodh Ó Conchúir, king of Connacht, enlisted the colonists’ aid to pursue his enemies: such conflict led to population flight and the death of women and children.*

Bearta na huasalaicme is mó atá le fáil in *Annála Ríochta Éireann* – bearta na bpátrún a bhí ag an scothaicme liteartha a scríobh na hannála sin. Ó am go chéile, áfach, éiríonn an choitiantacht aníos chugainn – scológa, bochtáin, mná agus páistí de chuid na ngnáthdhaoine. Má thugtar tús áite do lucht na láimhe láidre, feicimid iarmhairt an fhornirt freisin.

Faoin 13ú haois bhí coilínigh Shasanacha de shliocht Angla-Normannach (na ‘Gaill’) préamhaithe in Éirinn, iad ag cur cogaidh ar na Gaeil nó ag dul i bpáirt leo, agus ag glacadh chucu nósanna agus teanga na tíre. Roghnaíodh roinnt iontrálacha anseo as an iliomad atá ann chun léargas a thabhairt ar an scéal.<sup>7</sup>

In 1224 fuair Cathal Crobhdhearg Ó Conchúir, rí Chonnacht, bás in aibíd mhanachúil i mainistir Chistéirseach Chnoic Mhuai i nGaillimh ‘iarna íobairt dó féin do Dhia’.<sup>8</sup> Ba mhac le Toirealach Ó Conchúir, Ard-Rí na hÉireann, é; bhí a dheartháir Ruaidhrí ina rí ar Chonnachta roimhe. Aodh ab ainm dá mhac, agus ba é Aodh a tháinig ina ionad mar rí Connacht.

In 1225 tháinig Ó Néill isteach i gConnachta le harm mór ar iarratas Dhoinn Óig Mhic Oireachtaigh, rí Shíl Mhuirigh, mar go raibh Aodh tar éis a bhfearann a bhaint de. Rinne Ó Néill creachadóireacht agus chuaigh abhaile, agus fágadh Aodh, mac Chathail, i bpráinn i measc a náimhde. Orthu sin bhí a ghaolta, mic Ruaidhrí Uí Chonchúir.

Shocraigh sé ar dhul go hÁth Luain, áit a raibh ‘maithe Gall Éireann’ cruinnithe, agus fearadh fáilte roimhe: i bhfocail na nAnnála, ‘*ba chairde a bhformhór dó a los a athar, agus ar a shon féin óir ba thuarastlach tíolaiceach iad araon dóibh*’ (i.e. ba chairde a bhformhór d’Aodh ar son a athar agus ar a shon féin, mar d’íocadh Cathal agus Aodh as cabhair mhíleata iad). Chruinnigh sé neart agus cúnaimh ann i measc na nGall – an Tiarna Giúistís agus maithe eile, in éineacht le roinnt d’uaisle na nGael. Chun cogaidh ansin.

Bhí a naimhde ag teitheadh lena gcuid eallaigh, agus chomhairligh Aodh do na Gaill go rachfaí sa tóir orthu. Ghabh na tóraitheoirí bealach nach mbeadh ar eolas ag na Gaill murach comhairle Aodha (*Iar gcinneadh na comhairle seo do chuadar rompu i slí nach smaoinfeadh Gall go bráth dul tríd .i. i bhFíodh Gatlaigh<sup>9</sup> gur shroicheadar Áth Tí an Mheasaigh<sup>10</sup>*). Theith muintir na tíre rompu thar abhainn, agus ina dhiaidh sin is iomaí páiste báite a fuarthas sna ciseanna os cionn na gcoraí: *Is amhlaidh do gheibhtear na ciseanna os a gcoraíbh lomlán de leanáibh iarna mbá.*

<sup>6</sup> ‘As we sit in quarantine, is now the time to breath new life into Gaelic?’ *Irish Tech News*, 29 Márta 2020: <https://irishtechnews.ie>.

<sup>7</sup> CELT: <https://celt.ucc.ie/published/G100005C/index.html>: M1224.7 – M1225.13

<sup>8</sup> Ba é Cathal féin a bhunaigh an mhainistir (1190) agus tá cuid mhaith den fhothrach le feiceáil fós.

<sup>9</sup> Fíodh Gadlaigh: coill i gceantar Ghaileang i Maigh Eo.

<sup>10</sup> Áth Tí an Mheasaigh: áit i Maigh Eo.

Beag an t-ionadh go ndeir na hAnnála gur thrua an scéal é Cúige Chonnacht an uair sin agus laochra á chreachadh ar feadh a gcumais agus a gcumhachta. Fuair mná, leanaí agus daoine fanna bás de dheasca an chogaidh sin.

*Ba trua tra an neamhshéan do dheonaigh Dia don chúige do b'fhearr a bhí in Éirinn an t-ionú seo, óir ní choigleadh an mac-óglaíoch aroile ach dá gcreachadh agus dá n-argain faoina gcúing.<sup>11</sup> Do chuireadar mná agus leanaí, fainn agus fodhaoine, d'fhuacht agus de ghorta den chogadh sin.*



## Dhá dhán le Colin Ryan

### Eitilt

Chonaiceamar an bhean úd  
(ceann dubh is cóta dubh)  
i Sráid Brunswick  
agus rinneamar í a shamhlú  
ag filleadh ar árasán  
i ngar don Ardeaglais  
ag eitilt thar fuinneog amach  
istoíche os cionn na gcrann  
os cionn na soilse neamhbhuana  
ag dúiseacht ar an leaba  
ag cuimhneamh fós ar an ngealach

### Feartlaoi

An t-aingeal  
á chreimeadh ag an aimsir  
faoi bhuaime neimhe  
os cionn na dtáinte a d'imigh  
mar nach maireann anseo  
ach cuimhne na spéartha  
ar sheangán is ar réaltra  
is an t-aingeal caillte ina chloiche  
i siosarnach an aeir

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

---

<sup>11</sup> Faoina gcúing: ar a míle dícheall (is ionann cúing agus cumhacht anseo)